Cleachtadh Tuisceana – Saoire Níos Glaise don Teaghlach

Gníomhaíocht roimh dhul ag breathnú ar an scannán

- Arbh fhearr leat saoire a chaitheamh in Éirinn nó thar lear? Déan buntáistí/míbhuntáistí a phlé i ngach cás.
- Iarr ar gach dalta tabhairt faoi mhír amháin oibre ar an liosta thíos.

Gníomhaíocht le linn a bheith ag breathnú ar an scannán

Grúpa 1 - Óstlannaí atá ionat – cad iad na buntáistí a bhainfeadh le dul isteach sna Dámhachtainí um Fháilteachas Glas a eagraíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil?
Grúpa 2 - Óstlannaí atá ionat – cad iad na buntáistí a bhainfeadh le dul isteach sna Dámhachtainí um Fháilteachas Glas a eagraíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil?
Grúpa 3 - Tá tú ag obair do bhord turasóireachta Loch Garman – beidh tú ag obair ar fheachtas le daoi a mhealladh chun dul ar saoire ann – agus tú ag breathnú ar an scannán, déan liosta de na chúiseanna fad/na híomhánna ar fad, srl., a mbainfidh tú úsáid astu chun fógra a chruthú.
Grúpa 4 - Tá tú ag obair do bhord turasóireachta Phort Láirge – beidh tú ag obair ar fheachtas le daoine mhealladh chun dul ar saoire ann – agus tú ag breathnú ar an scannán, déan liosta de na chúiseanna a fad/na híomhánna ar fad, srl., a mbainfidh tú úsáid astu chun fógra a chruthú.

Gníomhaíocht tar éis a bheith ag breathnú ar an scannán

- Saoire in Éirinn nó thar lear? Abair cén ceann is fearr, ó thaobh an chomhshaoil de agus déan na fáthanna a phlé.
- **Grúpa 1:** dul ag obair ar liosta buntáistí maidir le hiontráil sna Dámhachtainí um Fháilteachas Glas a eagraíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.
- **Grúpa 2:** dul ag obair ar liosta míbhuntáistí maidir le hiontráil sna Dámhachtainí um Fháilteachas Glas a eagraíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.
    - Roghnaigh beirt as Grúpaí 1 agus 2 – is comhpháirtithe gnó an bheirt sin, a phléann cé acu arbh fearr a bheith páirteach sna Dámhachtainí um Fháilteachas Glas, nó gan iontráil in aon chor.
- **Grúpa 3:** ag obair in éineacht chun feachtas fógraíochta a chruthú, d'fhonn cuairteoirí a mhealladh go dtí Loch Garman chun saoire níos glaise a chaitheamh ann.
- **Grúpa 4:** ag obair in éineacht chun feachtas fógraíochta a chruthú, d'fhonn cuairteoirí a mhealladh go dtí Port Láirge chun saoire níos glaise a chaitheamh ann.
    - Cuireann na grúpaí léiriú i láthair an dá ghrúpa eile, a chaitheann guth maidir le cá mbeidh siad ag dul ar saoire.

Gníomhaíochtaí leantacha:

- Déan taighde ar spriocanna inbhuanaithe saoire i do cheantar/chontae féin.
- Cruthaigh feachtas nó plean turasóireachta maidir le conas do cheantar a chur ar an margadh mar sprioc inbhuanaithe saoire.
- Cruthaigh feachtas feasachta le dáileadh ar lucht gnó na háite maidir le conas is féidir leo a ngnónna a dhéanamh níos glaise.
- Tabhair cuireadh do dhuine de lucht gnó na háite atá tar éis athruithe cosúil leis na cinn san fhíseán teacht chun cainte le do rang.

- Déan taighde maidir leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus a cuid oibre – cruthaigh taispeántas don seomra ranga.